Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0139

Cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise (COM(2025)0738 – C10-0320/2025 – 2025/0380(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0098/2026).

Leasú 1
Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019, formhuinítear an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras.

Leasú 2
Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Léirítear san anailís a rinneadh ar fheidhmiú an chúlchiste a bhfuil coinne leis, agus faisnéis a fuarthas le déanaí á cur san áireamh, go rannchuideodh leasuithe spriocdhírithe ar roinnt paraiméadar le feabhas a chur ar intuarthacht an mhargaidh agus le cobhsaíocht gluaiseachtaí praghsanna i mblianta tosaigh an chórais nua.	(3) Léirítear san anailís a rinneadh ar fheidhmiú an chúlchiste a bhfuil coinne leis, agus faisnéis a fuarthas le déanaí á cur san áireamh, go rannchuideodh leasuithe spriocdhírithe ar roinnt paraiméadar le feabhas a chur ar intuarthacht an mhargaidh agus le cobhsaíocht gluaiseachtaí praghsanna i mblianta tosaigh an chórais nua. ***Ionas nach gcuirfidh na leasuithe sin bac ar iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais, tá gá le gníomhaíocht bhreise ó na Ballstáit. De réir an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an infheistíocht ghlas san Aontas fós faoi bhun na leibhéal is gá chun sprioc 2030 maidir le dícharbónú a bhaint amach.***

	Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit a bheith ar an airdeall i gcónaí i gcoinne an riosca go mbeidh bearna sa chistiú glas.
Leasú 3 **Togra le haghaidh cinnidh** **Aithris 3 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Ní mór bearta comhlántacha dícharbónaithe a bheith ag gabháil le cur chun feidhme an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, arb iad an uirlis is éifeachtaí iad chun cabhrú le teaghlaigh spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus, dá bhrí sin, tionchar CTA2 ar thomhaltóirí a mhaolú, ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar bhreosla i bhfoirgnimh agus in iompar fós dolúbtha den chuid is mó sa ghearrthéarma. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an t-ioncam ó cheantáil lamháltas a úsáid chun na gcríoch de bhun Airteagal 30d(6) de Threoir 2003/87/CE, agus tosaíocht á tabhairt do ghníomhaíochtaí lenar féidir rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta na trádála astaíochtaí faoi CTA2. Dá bhrí sin, b'iomchuí do na Ballstáit úsáid a bhaint as an ioncam ó lamháltais arna scaoileadh ón gcúlchiste a chur ar ceant chun a bPleananna Aeráide Sóisialta a

chomhlánú. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcomhlánóidh an Coimisiún a anailís ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe críochnaitheacha trí bhearta dícharbónaithe earnála a shainaithint, i gcás gach Ballstáit, agus trí úsáid níos fearr a bhaint as ioncam CTA a d'fhéadfadh cuidiú leis an éileamh ar lamháltais CTA2 a laghdú. Tá sé tábhachtach freisin Saoráid Tosaigh-Ualaithe BEI a neartú agus bearta breise a mheas chun buiséad an Chiste Aeráide Shóisialta a mhéadú chun a áirithiú go gcuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do theaghlaigh go tráthúil agus ar leibhéal a léiríonn éabhlóid phraghsanna CTA2. Is gá don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar shíneadh a chur le fad an Chiste Aeráide Shóisialta.

Leasú 4
Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun intuarthacht fhadtéarmach an mhargaidh a mhéadú, ba cheart na lamháltais a chuirtear sa chúlchiste le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise agus nár scaoileadh a bheith fós bailí ***tar éis*** an 31 Nollaig ***2030***.	(4) Chun intuarthacht fhadtéarmach an mhargaidh a mhéadú, ba cheart na lamháltais a chuirtear sa chúlchiste d'earnálacha na bhfoirgneamh, an iompair de bhóthar agus na n-earnálacha breise nár scaoileadh saor leanúint de bheith bailí ***go dtí an*** 31 Nollaig ***2033 agus go páirteach go dtí an 31 Nollaig 2035. Laistigh de cheithre bliana ó thús oibriú ETS2, ba***

cheart don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú tionchair dáileacháin, agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch na lamháltas atá fágtha sa chúlchiste.

Leasú 5
Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun tuilleadh feabhais a chur ar fhreagairtí an tsásra ar luaineachtaí ar phraghsanna gan údar agus intuarthacht an mhargaidh a mhéadú, ba cheart é a neartú go cúramach chun feabhas a chur ar chobhsaíocht praghsanna sna chéad 3 bliana den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin méid níos airde lamháltas a scaoileadh sa mhargadh. Má chuirtear an beart i bhfeidhm faoi dhó le linn na tréimhse 12 mhí céanna, ba cheart an scaoileadh breise a dhéanamh faoi dhó.	(6) Chun tuilleadh feabhais a chur ar fhreagairtí an tsásra ar luaineachtaí ar phraghsanna gan údar agus intuarthacht an mhargaidh a mhéadú, ba cheart é a neartú go cúramach chun feabhas a chur ar chobhsaíocht praghsanna sna chéad 3 bliana den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná méid níos airde lamháltas a scaoileadh sa mhargadh ***gan mhoill***. Má chuirtear an beart i bhfeidhm faoi dhó le linn na tréimhse 12 mhí céanna, ba cheart an scaoileadh breise a dhéanamh faoi dhó.

Leasú 6
Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) D'fhéadfadh tionchair

dhíréireacha a bheith fós ag leibhéil iomarcacha praghsanna lamháltais laistigh den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise ar theaghlaigh leochaileacha, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh luaineachtaí iomarcacha praghsanna teoranta do tharlú dhá uair sa bhliain. I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar bearta coimirce sóisialta breise a mheas, agus d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí go ndéanfadh an Coimisiún ionstraimí níos láidre maidir le ciorrú praghsanna a mheas chun cobhsaíocht praghsanna a ráthú san fhadtéarma. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar liosta roghanna amhail an sásra um méadú iomarcach ar phraghsanna de EUR 45 a shocraítear i bpraghsanna 2026 a neartú agus a fhadú tar éis an 31 Nollaig 2029, agus cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh a oiriúnú dá réir, lena n-áirítear minicíocht agus méid scaoilte lamháltas agus an méid sa chúlchiste, más gá, measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ligean do na Ballstáit gan an córas a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le foirgnimh chónaithe de mhaolú, ar choinníoll go léiríonn siad gur féidir leo na spriocanna comhroinnte díchill a bhaint

	amach trí bhearta eile a chur i bhfeidhm agus ar choinníoll go ndearna siad Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí sa dlí náisiúnta, lena n-áirithítear an fhéidearthacht ioncam ó thrádáil astaíochtaí a úsáid le haghaidh tacaíocht dhíreach, amhail díbhinní aeráide, gan iallach a bheith orthu tionchar dearfach ar an gcomhshaol a chruthú ná bearta eile a thabhairt isteach chun an costas a chuirtear ar theaghlaigh leochaileacha a íoslaghdú. Faoin 1 Márta 2027, ní mór don Choimisiún measúnú cuí a dhéanamh ar na roghanna sin maidir lena dtionchar sóisialta agus comhshaoil agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeadh siad chun aimhleas spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
Leasú 7 **Togra le haghaidh cinnidh** **Aithris 6 b (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) Tar éis an athbhreithnithe ar chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh dá bhforáiltear sa Chinneadh leasaitheach seo, b'iomchuí don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh ar an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus

	earnálacha breise chun measúnú a dhéanamh ar a thionchar sóisialta agus ar a thionchar ar na spriocanna aeráide a bhaint amach, chomh maith le measúnú dáileacháin ar líon na dteaghlach leochaileach ar cuireadh tacaíocht ar fáil ina leith ón gCiste Aeráide Sóisialta agus ón tSaoráid Tosaigh EIB faoin dáta sin, lena n-áirítear, a mhéid is féidir, miondealú de réir chineál an limistéir gheografaigh, de réir dáileadh ioncaim agus de réir inscne ar gá bearta breise a mheas ina leith freisin chun sláine chomhshaoil agus cothroime shóisialta a áirithiú laistigh de ETS2.

Leasú 8
Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 1a - mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) I mír 3, ***scriostar*** an dara habairt;	(1) i mír (3), ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** na dara habairte:
	‘Ón 1 Eanáir 2034, ní bheidh 50 % de na lamháltais dá dtagraítear san fhomhír sin nár scaoileadh ón gcúlchiste bailí a thuilleadh. Ón 1 Eanáir 2036, ní bheidh na lamháltais eile dá dtagraítear san fhomhír sin nár scaoileadh ón gcúlchiste bailí a thuilleadh.’;

Leasú 9

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 1a – mír 7

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4a) I mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:
Déanfar na méideanna atá le scaoileadh ón gcúlchiste a dháileadh go cothrom le linn tréimhse 3 mhí, ag tosú tráth nach déanaí ná ***2 mhí*** tar éis an dáta ar comhlíonadh na coinníollacha de réir a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 30h(8) de Threoir 2003/87/CE.	‘Déanfar na méideanna atá le scaoileadh ón gcúlchiste a dháileadh go cothrom le linn tréimhse 3 mhí, ag tosú tráth nach déanaí ná ***30 lá*** tar éis an dáta ar comhlíonadh na coinníollacha de réir a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 30h(8) de Threoir 2003/87/CE.***’.***

(32015D1814)

Leasú 10
Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 a (nua)
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 1a
	In Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2015/1814, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	‘Laistigh de 4 bliana ó thús oibriú na trádála astaíochtaí d’fhoirgnimh, d’iompar de bhóthar agus d’earnálacha breise a leagtar amach i gCaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair, lena n-áirítear measúnú tionchair dáileacháin, agus

meastóireacht ar thionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch na lamháltas atá fágtha sa chúlchiste faoi Airteagal 1a den Cinneadh seo, agus cinnfidh sé a iomchuí atá sé na lamháltais sin a chur ó bhail go páirteach nó go hiomlán. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an meastóireacht sin, i gcás inarb iomchuí.’.